

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

# Cúramóirí Altrama
## Treoir chuig Líomhaintí

Is mian le Tusla buíochas a ghabháil leis
na cúramóirí altrama, IFCA agus FFI a thug
cabhair i gcomhdhearadh na treorach seo.

# Clár


1. Réamhrá 4
2. Ár luachanna agus an tionchar ba cheart a bheith acu ort 6
3. Beagán faoin dlí agus oibleagáidí Thusla 8
4. Cad is líomhain ann? 9
5. Tacaíocht ón oibrí naisc altrama 10
6. Tacaíocht neamhspleách do chúramóirí/tuismitheoirí altrama 12
7. Tú féin agus daoine eile a chosaint ó riosca na líomhna 13
8. Cén fáth go ndéantar líomhaintí? 16
9. Béarlagair a mhíniú 18
10. Céard a Tharlaíonn - An Próiseas a Thuiscint 22
11. Cén ról a bheidh agam/cén t-eolas a gheobhaidh mé? 24
12. Cad is brí leis an toradh nó cé na himpleachtaí a bheidh aige do ról an chúramóra/tuismitheora altrama? 27
13. Céard é ról na nGardaí? 32
14. Céard é ról an Choiste Cúraim Altrama? 34
15. Féin-chúram is tús leis an gcúram sábháilte 36

# 1 Réamhrá

## Bíonn an t-altramas fíor-shásúil, ach féadann sé bheith dúshlánach, corr-uair.

An-chuid de na leanaí atá tagtha chun cónaithe leat, beidh mí-úsáid nó faillí imeartha orthu, agus an-seans go bhfuil pian, tráma agus mearbhall intinne mór orthu, agus cúramóirí altrama i mbaol méadaithe líomhaintí dá bharr sin.

Tá fhios againn ón taighde go mbíonn leanaí agus daoine óga ar imríodh mí-úsáid agus tráma orthu roimhe seo níos soghonta fós agus gur mó an seans go ngortófaí nó go mí-úsáidfí arís iad. Tá sé riachtanach mar sin go gcabhrófaí leat chun cúram sábháilte a thabhairt do leanbh ar bith a théann chun cónaithe leat agus go mbíonn bealach dea-cheaptha, trédhearcach ann sa chás go ndéanfaí líomhain, chun na cúiseanna imní sin a mheasúnú agus chun a chinntiú go mbíonn leanaí sábháilte agus go bhfaigheann siad an chabhair a theastaíonn uathu. Le measúnú ar bith, tá sé de cheart ag gach aon chúramóir go n-éistfí agus go dtacófaí leis/léi, agus go mbeadh sé de dheis ag an gcúramóir cruthú do gach duine go raibh an cúram a tugadh sábháilte.

Nuair a bhítear ag iarraidh a fháil amach céard a tharla nuair a bhíonn líomhain déanta féadann sin bheith an-phianmhar don leanbh soghonta ag croílár na trioblóide, don chúramóir altrama agus/nó an duine den teaghlach a bheadh ag freagairt, b’fhéidir, ar na líomhaintí seo. Bíodh is gur féidir tromlach na líomhaintí a réiteach agus toradh maith don leanbh agus don chúramóir, bíonn an t-eispéireas an-phianmhar go minic  agus cuireann sé an-scanradh agus míshuaimhneas ar dhaoine.

## Tá fhios againn ón taighde[1] gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach nuair a

1. Tuigeann gach duine cad is líomhain ann agus cén fáth go ndéantar iad.

2. Tuigeann gach duine go soiléir cén chomhairle agus tacaíocht atá ar fáil agus cén chaoi le rochtain orthu.

3. Bíonn eolas maith, soiléir ar fáil do gach aon duine faoin rud a tharlaíonn agus faoin gcaoi a mheasúnaíonn Tusla líomhain agus céard é ról na nGardaí.

4. Tuigtear torthaí féideartha measúnaithe.

5. Bíonn cúramóirí altrama feasach ar an gcaoi le hiad féin a chosaint ón riosca go ndéanfaí líomhain.



Cruthaíodh an leabhrán seo do chúramóirí altrama sa chaoi go mbeimid in ann déileáil leis na cinntí seo, cinntiú go mbíonn leanaí sábháilte, agus go dtacaítear le cúramóirí/tuismitheoirí altrama bheith i gcónaí ag soláthar cúnaimh agus tacaíochta den scoth.


1 https://www.education.ox.ac.uk/wp-content/uploads/2019/05/ImpactofUnprovenAllegations_ReesCentreJuly2016.pdf

# 2 Ár luachanna agus an tionchar ba cheart a bheith acu ort?

I Tusla, táimid tiomanta do bheith ag obair de réir ár luachanna luaite a bhaineann leis an meas, muinín, cineáltas agus cumasú. Ciallaíonn sé seo gur ceart dúinne mar Ghníomhaireacht tacaíocht, oiliúint agus treoir a chur ar fáil duit chun cur ar do chumas cúram a thabhairt nó bheith mar thuismitheoir i mbealach a íoslaghdaíonn an riosca go dtiocfadh líomhain chun cinn.

Má bhíonn líomhain i gceist is ceart go gcaithfí leat go hurramach, díniteach. Baineann sé seo leis an eolas a fhaigheann tú, leis an bhfriotal a úsáidimid, leis an bpáirt a bhíonn agat sa phróiseas measúnaithe, agus leis an tuiscint a bhíonn agat ar an toradh agus cad a chiallaíonn sé duit féin agus don teaghlach. Is ceart chomh maith go mbeifeá in ann cinneadh ar bith a achomharc a théann i gcion ar do stádas mar chúramóir.

Ba cheart go mbeadh tacaíocht agat ó dhuine ainmnithe ó Thusla a chabhraíonn leat i gcaitheamh an mheasúnaithe. Is ceart don té sin oibriú leat i mbealach a léiríonn an tiomantas againne don chineáltas agus don mhuinín. Is ceart don té sin chomh maith a chinntiú go ndéanaimid cumarsáid leat i mbealach a bheidh ina chabhair duit páirt a ghlacadh chun thú féin, do theaghlach agus na leanaí i do chúram a choinneáil slán, sábháilte.



“Is ceart don té sin oibriú leat i mbealach a léiríonn an tiomantas againne don chineáltacht agus don mhuinín.”

# 3 Beagán faoin dlí agus oibleagáidí Thusla

## Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991[2] agus Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta (2017)[3] tá oibleagáid ar Thusla gach líomhain a thuairiscítear chuig an nGníomhaireacht a mheasúnú.

Tá dualgas orainn leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cumhdaigh a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbíonn an leanbh slán, sábháilte agus ag fáil na cabhrach cuí; féadtar a áireamh air seo eolas a chomhroinnt le daoine eile sa chaoi go mbeidh siadsan freisin in ann leanbh ar bith a chosaint a bheadh i mbaol, b'fhéidir.

Leagtar síos chomh maith sna Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Altrama caighdeáin shoiléire maidir leis an mbealach is ceart líomhaintí in aghaidh cúramóirí altrama a bhainistiú. Leagtar síos go sainiúil i gCaighdeán 10 na riachtanais nach mór don Ghníomhaireacht a chomhlíonadh nuair a thagann líomhain mí-úsáide chun cinn.

Tá tábhacht ag baint leis an dlí agus na caighdeáin mar go bhfuil cearta gach duine cumhdaithe iontu agus go gcuireann siad ar an eolas thú maidir lena féidir leat bheith ag súil leis ón nGníomhaireacht.

2 An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
3 gov.ie -Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017
4 gov.ie – Na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Altram

# 4 Cad is líomhain ann?

Is éard is líomhain ann ná maíomh go ndearna duine éigin dochar do leanbh trí mhí-úsáid nó faillí coirp, gnéasach nó mothútháin.

éadann duine ar bith i dteaghlach altrama bheith mar ábhar líomhna, clann an chúramóra altrama féin san áireamh. Féadann an leanbh, nó duine atá ag gníomhú ar son nó ar mhaithe leis an leanbh, de leithéid tuismitheora fola nó múinteora, líomhain a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar gach sheirbhís altrama líomhaintí mí-úsáide nó dochair a mheasúnú agus gearáin a iniúchadh agus tá beartais agus cleachtais ar leith ag Tusla chun déileáil le gach aon chás díobh sin.

Ní chaithfí le gearán maidir le cúramóir altrama mar líomhain murar bhain sé le mí-úsáid nó faillí coirp, gnéasach nó mothúthháin ar an leanbh. Ba ghnách déileáil le gearáin faoi sheirbhís gearán agus aiseolais Tell Us Tusla.

# 5 Tacaíocht ón oibrí naisc altrama

## Ba cheart go mbeadh oibrí tiomnaithe ag gach cúramóir altrama a thacaíonn leis/léi fad is atá siad mar chúramóir altrama/tuismitheoir. Tugtar orthu seo go minic ‘oibrí naisc altrama’.

Le linn do mheasúnú ar bith bheith ar siúl ar líomhain beidh an t-oibrí naisc altrama i gcónaí ag cur comhairle agus tacaíochta ar fáil duit. Beidh an t-oibrí naisc altrama i gcónaí ag bualadh leat, ag cur tacaíochta agus cruinnithe maoirseachta ar fáil de réir mar is cuí agus comhaontóidh siad plean tacaíochta leat. Cé nach mbeidh an t-oibrí naisc altrama i gceannas ar an measúnú ar an líomhain, beidh sé/sí ina rannpháirtí gníomhach sa phróiseas pleanála a bheidh mar thaca leis an measúnú agus cuirfear aon toradh in iúl dó/di.

Ba cheart go mbeidís i gcónaí mar eochairphointe teagmhála i rith an phróisis mheasúnaithe. Mura bhfuil oibrí naisc altrama tiomnaithe agat is ceart teagmháil a dhéanamh le ceannaire na foirne altrama/ príomhoibrí sóisialta altrama agus soiléiriú a lorg maidir le cén duine atá sannta duit mar phointe teagmhála.



**Cén fáth go mbraithim tréigthe ag an bhfoireann altrama?**

Ní annamh a bhraitheann cúramóirí altrama aonarach le linn measúnaithe ar líomhain.  Tá tú i dteideal tacaíochta i gcaitheamh an phróisis seo ach tá sé ráite linn ag cuid de na cúramóirí altrama gur éirigh an t-oibrí naisc altrama as cuairt a thabhairt orthu nó gur laghdaigh sé nó sí an teagmháil leo. Féadann sé seo bheith pianmhar do chúramóirí altrama mar go mbaineann siad as seo nach gcreideann an t-oibrí naisc altrama iad. Má mhothaíonn tú é seo nó má tharlaíonn sé duit bí cinnte é a aibhsiú don oibrí naisc altrama nó iarr cead labhartha le Ceannaire na Foirne Altrama nó leis an bPríomhoibrí Sóisialta sa bhFoireann Altrama atá in ann cabhrú chomh maith.  Mura bhfuil tú sásta leis na freagairtí a fhaigheann tú tá sé de cheart agat chomh maith gearán a dhéanamh trí Tell Us

# 6 Tacaíocht neamhspleách do chúramóirí altrama/ tuismitheoirí

## Is é Cumann Cúraim Altrama na hÉireann (IFCA) an eagraíocht náisiúnta a thacaíonn chomh maith le teaghlaigh altrama agus leis an bpobal altrama i gcoitinne

Mar chuid den tseirbhís fhoriomlán, tá seirbhís tathanta agus tacaíochta nach beag ag an IFCA, a thairgeann tacaíocht neamhspleách, proifisiúnta don phobal cúraim altrama. Is é an aidhm atá aige an tacaíocht is fearr agus is cuí a thairiscint in am an dúshláin trí shoiléire agus treoir a chur ar fail dóibh siúd go léir atá gafa le cúram altrama.
Tá an tseirbhís rúnda, freagrúil, pearsanta agus ar fáil do gach duine atá gafa le cúram altrama. Chun labhairt do dhuine éigin faoi rún, féadann tú glao ar Líne Chabhrach Tacaíochta Náisiúnta an IFCA (Teil. 01 458 5123), a oibríonn ó 11am- 3pm Luan go hAoine, nó féadann tú ríomhphost a chur chuig support@ifca.ie.

Tá taithí ag foireann agus oibrithe deonacha na líne cabhrach de bheith ag fáil glaonna a bhaineann le líomhaintí. Éistfidh siad go foighneach agus tairgfidh siad sólás, eolas soiléir agus acmhainní. Ar na hacmhainní seo beidh an rogha chun atreorú a dhéanamh chuig Seirbhís Tathanta an IFCA i gcomhair

- Tacaíocht leanúnach don duine aonair, tacú leat trí fhreastal ar chruinnithe.
- Tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil duit trínár seirbhís comhairleoireachta
- Tú a threorú chuig comhairle dhlíthiúil más é do mheas go mbeadh sé seo úsáideach.

# 7 Tú féin agus daoine eile a chosaint ó riosca na líomhna

Nuair a chuireann tú isteach ar altramas a dhéanamh, pléifear leat seisiúin tosaigh agus oiliúint maidir le tábhacht an chúraim shábháilte.

Tá oiliúint sa chúram sábháilte riachtanach le linn an phróisis roimh fhaomhadh agus an phróisis ionduchtaithe; bíonn an cúram sábháilte ina cheist thábhachtach i gcónaí, áfach, sa mhaoirsiú agus sa tacaíocht leanúnach a bhfuil tú i dteideal a fháil mar chúramóir.

Tá an t-oibrí naisc altrama ar fáil duit chun ceisteanna ar bith a phlé maidir le cúram sábháilte a thiocfadh chun cinn i do chás féin agus i gcomhthéacs riachtanais speisialta an linbh a thagann chun cónaithe leat.  Spreagaimid thú chun cúiseanna imní nó ceisteanna ar bith a bheadh agat a phlé. Is é tús an chúraim shábháilte do gach duine an plé ar cheisteanna a dhéanfadh an saol níos deacra, b'fhéidir, don leanbh, do na cúramóirí agus dá dteaghlaigh, sa chaoi go mbeidh tú in ann a mhachnamh céard is féidir leat a dhéanamh láithreach agus amach anseo chun deimhin a dhéanamh de nach dtiocfaidh fadhbanna níos measa chun cinn. Is den tábhacht é a bheith ar an eolas go bhfuil an t-oibrí naisc altrama ann chun tacú leat agus tú ag cíoradh na gcúiseanna imní atá agat agus ag comhaontú beart chun na cúiseanna imní sin a réiteach, iad sainithe i leith do bhaile agus do theaghlaigh féin.

De réir mar a thagann sé chun láimhe, is ceart go gcomhroinnfí eolas faoin leanbh leat agus is ceart é seo a bheith mar bhonn le cleachtais cúraim shábháilte. Uaireanta ní bhíonn an t-eolas go léir le fáil nuair a chuirtear leanbh i gcúram.  Uaireanta tagann eolas nua amach le himeacht aimsire. Is ceart an cur chuige atá agat i leith an chúraim shábháilte sa bhaile agat a athrú

de réir an eolais atá ar fáil agus is ceart machnamh air seo ar bhonn leanúnach.

Tá an t-oibrí naisc altrama in ann tacú leat agus is ceart tacú leat agus tú ag machnamh an bhealaigh chun cur chuig an gcúram sábháilte sa bhaile agat.

## Ar na nithe praiticiúla a choinníonn gach duine slán áirítear

1. Glac páirt san oiliúint a thairgtear duit

2. Cruthaigh líonra maith tacaíocht áitiúil ina gcuimsítear cúramóirí altrama eile agus tacaí piaraí atá ar fáil, muintir nó cairde dílse agus machnaigh dul isteach san IFCA ar son na comhairle agus na tacaíochta atá acu le tairiscint leat. Tá treoirlínte ag an IFCA chomh maith a chabhraíonn leat nithe praiticiúla a cheapadh gur féidir iad a dhéanamh chun cosc a chur ar an riosca go ndéanfaí líomhain.

3. Pléigh riachtanais an linbh leis an oibrí naisc altrama agus an chaoi is fearr le cúram a thabhairt don leanbh seo. Machnaigh do chuid ceisteanna, scríobh síos iad agus cuir ceist ar an oibrí naisc altrama nó ar an oibrí sóisialta atá freagrach as an leanbh. Machnaigh an t-eolas atá agat agus an chaoi gur cheart dó bheith mar bhonn leis an gcúram sábháilte a bheidh le tabhairt agat féin agus do mhuintir leis an leanbh. Beidh an t-oibrí naisc altrama in ann cabhrú leat leis seo. Cruthaigh roinnt eochair-rialacha gur féidir iad a scríobh síos i mbealach simplí agus iad a mhíniú do gach duine; rud a léireoidh bealach lena mbeimid go léir sábháilte.

4. Coinnigh taifead de theagmhais shuntasacha ar bith, agus breac síos an dáta, an t-am agus na daoine a bhí i láthair. Féadtar cur san áireamh leis seo na huaire nuair a tástáladh na rialacha agus gur éirigh leo, nó na huaire nuair nár oibrigh rudaí amach sa bhealach a bhí ar intinn agat. Má tá rud éigin as an mbealach tar éis tarlú, de leithéid leanbh bheith gortaithe, agus go bhfuil imní ort faoi, abair leis an oibrí naisc altrama nó leis an gceannaire foirne é gan mhoill.

5. Má tá líomhain déanta is ceart duit a iarraidh go gcuirfí i scríbhinn chugat é.  Tá sé úsáideach na sonraí faoina bhfuil ráite a thuiscint sa chaoi go mbeidh tú in ann a fhreagairt sa chaoi is fearr.

6. Bunaigh agus coinnigh caidreamh maith le tuismitheoirí agus daoine suntasacha eile de theaghlach an linbh.  Sa chaoi seo réitítear míthuiscintí, agus tharlódh go mbeadh smaointe maithe acu faoin gcaoi le cúram a thabhairt don leanbh go sábháilte.

7. Déan cinnte de go mbíonn tú ag rochtain ar an maoirseacht leis an oibrí naisc altrama. Má bhíonn comhráite luatha, leanúnacha ann maidir leis an gcúram sábháilte, is lú an seans go mbeidh ort machnamh faoi na céimeanna le déanamh nuair a bheidh cúis imní tagtha.

8. Níos tábhachtaí fós, tabhair cúram duit féin. Bain leas as an tacaíocht atá ar fáil agus iarr cabhair nuair is gá.  Tá tú i dteideal tacaíocht a fháil i gcaitheamh do thréimhse mar chúramóir altrama.

**Cén fáth go mothaím go bhfuiltear ag caitheamh liom mar dhuine ciontach cé nach bhfuil tagtha ar chinneadh ar bith i m'aghaidh?**

Is iomaí cúramóir altrama a deir linn go mothaíonn siad le linn measúnaithe go gcaitear leo mar dhaoine atá 'ciontach go dtí go gcruthaítear go bhfuil siad neamhchiontach.'

Tá fhios againn go mbíonn líomhain ar bith ina chúis le han-strus agus trioblóid do chúramóir.  Is den tábhacht é cabhair agus comhairle a iarraidh ón oibrí naisc altrama. Tá dualgas dlíthiúil ar Thusla a chinntiú go n-éistear le gach imní agus a chuirtear in iúl faoi linbh agus daoine óga agus go ndéileáiltear leo go cuí. Cuimhnigh, más féidir leat, gurb é seo fócas measúnaithe ar líomhain agus is ceart duit leas a bhaint as na tacaíochtaí go léir atá ar fáil le linn na haimsire seo.

# 8 Cén fáth go ndéantar líomhaintí?

## Déanfaidh formhór na gcúramóirí a n-aistear altrama ar fad gan líomhain ar bith a bheith déanta fúthu.

Tá sé deacair a thuiscint nó a mhíniú cén fáth go ndéanfadh daoine óga i gcúram nó duine eile ar a son, líomhain.  Ní mar an gcéanna gach duine óg agus beidh a fáth céanna ag an duine sin chun líomhain a dhéanamh. Ar na fáthanna coitianta tá:

- Tá an líomhain fíor. Rinneadh mí-úsáid nó gortú ar an leanbh, agus teastaíonn ón leanbh nó ó dhaoine eile deireadh a chur leis sin. Is minic a dhéanann siad líomhain tar éis an teach altrama a fhágáil mar go mothaíonn siad níos sábháilte ag labhairt faoi nuair nach mbíonn an baol ann a thuilleadh. Tá fhios againn go mbíonn leanaí i gcúram níos soghonta maidir le tuilleadh mí-úsáide, agus dá bhrí sin ní mór dúinn bheith san airdeall i gcónaí ar mhaithe lena sábháilteacht
- Tarlaíonn sé gur mí-úsáideadh leanbh san am atá caite ach anois ó tá an leanbh sin sábháilte, féadann sé nó sí cuimhneamh i slí eile ar an mí-úsáid agus measctar rud éigin a tharla san am atá caite le rud éigin a tharla le déanaí.
- Uaireanta tarlaíonn sé go ndéanann leanbh líomhain chun an cúramóir altrama a thástáil, féachaint an bhfuil an cúramóir toilteanach seasamh leis /léi le linn phróiseas na líomhna. Déanann siad amhlaidh mar b'fhearr leo é a fháil amach láithreach más rud é nach bhfuil an cúramóir altrama
- Creideann leanaí áirithe, má chuireann siad ina luí ar dhaoine nach bhfuil rudaí go maith sa teach altrama go gcuirfear ar ais

go gcuirfear ar ais abhaile chuig a dteaghlaigh féin iad. Fiú leanaí a gortaíodh sa mbaile beidh naisc agus ceangail láidre mothúcháin acu lena dtuismitheoirí agus a siblíní. Is minic a deir leanaí gur mian leo go mbeadh deireadh leis an mí-úsáid, ní leis an teaghlach.

- Cuirtear as do leanaí áirithe má bhíonn easaontais bheaga nó pionóis bheaga curtha orthu mar gheall ar iompraíocht nár chuí, de leithéid iad gan a bheith ligthe amach nó srian a bheith curtha ar a rochtain ar na meáin shóisialta. Bíonn fearg orthu faoi sin mar gheall ar ghortú roimhe sin agus dá réir sin líomhnaíonn siad gur ghortaigh duine éigin iad.
- B'fhéidir go measann daoine áirithe i líonra teaghlaigh an linbh gur féidir, má chuireann siad i gcoinne an chúraim a thugann an cúramóir, go mbeadh seans ann go bhfillfeadh an leanbh abhaile. Uaireanta bíonn de thoradh air seo go líomhnaíonn siad go raibh mí-úsáid ann nó go ngríosaíonn siad duine eile chun líomhain a dhéanamh.
- I gcásanna ina bhfuil gaol mar chúramóir, bíonn sé an-deacair ar thuismitheoirí áirithe ball eile den mhuintir chéanna a fheiceáil mar chúramóir ar an leanbh agus tagann an chailliúint agus an gortú sin amach mar fhearg agus féadann siad líomhain a dhéanamh chun an fearg sin a chur in iúl.



# 9 Béarlagair a mhíniú

| | |
|---|---|
| **Measúnú ar Chumhdach agus Leasa Linbh (CPW)** | Is é seo an measúnú a dtugann foireann CPW faoi i gcónaí, a bhreathnaíonn ar ghortú agus sábháilteacht an linbh amach anseo agus ar an mbeart a bheidh ag teastáil chun sábháilteacht an linbh a chinntiú go leanúnach. |
| **CASP[5] – Gnás maidir le Bunús a Chur le Mí-úsáid Linbh** | Cinnfear an riachtanas le measúnú CASP ag céim an fhiosrúcháin den mheasúnú CPW. Teastaíonn CASP má bhíonn an cúramóir altrama fostaithe nó ag obair go deonach i ról a léireodh riosca do leanaí eile bunaithe ar an rud atá líomhnaithe ag an leanbh i gcúram altrama, agus go bhfuil sé riachtanach an t-eolas sin a chomhroinnt chun na leanaí sin a chumhdach ó dhochar. |
| **Mí-úsáid** | Tagraíonn sé seo do theagmha(i)s ar bith a bhaineann le dhochar nó faillí coirp, gnéasach nó mothúchánach do leanbh de réir an tsainmhínithe i Leanaí ar dTús (2017). |
| **Leas** | Tagraíonn sé seo do cheisteanna a théann i gcion ar shláinte agus/nó leas foriomlán an linbh ach nach ionann is mí-úsáid iad. |
| **Dochar Roimhe Seo** | Gortú, díobháil nó mí-úsáid ar an leanbh agus an tionchar a bhí aige ar an leanbh. Áirítear air chomh maith iompraíocht ag an leanbh/duine óg a mbíonn riosca ag gabháil léi. |

5 Gnás maidir le Bunús a Chur le Mí-úsáid Leanaí (CASP) Leagan 2 - 2024Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

| | |
|---|---|
| **Fachtóirí chun castachta** | Bearta nó iompraíocht sa teaghlach nó ina aice, agus in aice an linbh agus bearta de chuid daoine proifisiúnta a chuireann leis an deacracht a bhaineann le baol na mí-úsáide amach anseo a réiteach. |
| **Ráiteas Dainséir** | An dochar nó an díobháil a mheastar go bhfuil an dealramh ann go dtarlódh sé don leanbh mura dtagann athrú ar bith ar chás an teaghlaigh. |
| **Spriocanna Sábháilteachta** | Na hiompraíochtaí agus na bearta a theastaíonn ó Thusla iad a fheiceáil chun bheith sásta go bhfuil an leanbh sách sábháilte agus gur féidir an cás go CPW a dhúnadh. |
| **Láidreachtaí** | Daoine, pleananna agus bearta a chuireann le folláine an linbh agus pleananna maidir leis an mbealach a chumhdófar an leanbh nuair a bheidh dainséar i láthair. |
| **Sábháilteacht** | Beart a dhéanann tuismitheoirí, cúramóirí agus leanaí chun a chinntiú go mbíonn an leanbh sábháilte nuair a bhíonn an dainséar i láthair. |
| **Bearta Láithreacha Sábháilteachta** | Céimeanna láithreacha eile nó beart a chinntíonn go bhfuil an leanbh sábháilte ó aon dainséar láithreach nó i ngar. |
| **Scálú Sábháilteachta** | Scála 0-10 a úsáid, áit a chiallaíonn 10 go bhfuil dóthain sábháilteachta ann agus ciallaíonn 0 nach bhfuil aon sábháilteachta ann. Ligeann sé seo do gach duine tuairim a chur in iúl faoin áit a bhfuil sábháilteacht  an linbh ag pointe ama ar bith. |
| **Réamhfhiosrú** | Céim sa phróiseas measúnaithe CPW a ligeann dúinn a mhachnamh an bhfuil cúis imní ann faoin mhí-úsáid agus cén cineál mí-úsáide atá i gceist. |

| | |
|---|---|
| **Measúnú Tosaigh** | Céim sa mheasúnú CPW ag a dtagaimid chun cinneadh críochnaithe maidir leis an gcineál mí-úsáide a bhí i gceist agus an leibhéal de riosca/ dainséar leanúnach atá ann do leanbh. |
| **Pleanáil Sábháilteachta** | Próiseas leanúnach pleanála trína bhfuilimid in ann gluaiseacht i dtreo na spriocanna sábháilteachta agus an dul chun cinn sa treo sin a mhonatóiriú i dteannta a chéile. |
| **An Coiste Cúraim Altrama (FCC)** | Is éard tá sa Choiste Cúraim Altrama ná grúpa ainmnithe daoine a bhfuil freagrachtaí soiléire orthu mar atá leagtha amach faoi Alt 23 de na Caighdeáin Cúraim Altrama. Tá Coistí déanta suas de dhaoine a bhfuil saineolas acu i leas leanaí, daoine a bhfuil oiliúint nó taithí suntasach acu sa chúram altrama san áireamh, agus  féadtar a áireamh ina measc duine nó daoine nach oifigigh de chuid Thusla iad. Áirítear ar Choistí duine amháin ar a laghad gur cúramóir altrama í. |
| **Athbhreithniú Breise ar Chúram Altrama** | Tá athbhreithniú breise riachtanach faoi 10.19 de na Caighdeáin Náisiúnta don Chúram Altrama. Tá sé riachtanach nuair a thógtar leanbh as socrúchán de bhua líomhna den mhí-úsáid.  Comhlánóidh an t-oibrí naisc altrama tuairisc ar an athbhreithniú don Choiste Cúraim Altrama, agus déanfaidh sé sin cinneadh maidir le stad a chur le socrúcháin go dtí go mbeidh toradh faighte ar aon mheasúnaithe a theastaíonn. Comhroinnfear leat cóip den tuairisc ar an athbhreithniú breise ar chúram altrama sula gcuirfear i láthair an FCC í. |



# 10 Céard a Tharlaíonn - An Próiseas a Thuiscint

**Toradh**
Tá imní faoi mhí-úsáid ann i gcónaí.

**1**
Deir leanbh, nó deir duine eile ar a shon, go ndearna an cúramóir altrama, nó duine sa teaghlach altrama, mí-úsáid air.

Déantar atreorú chuig Foireann Dualgais/Doras Tosaigh.

**2**
Machnaíonn an t-oibrí sóisialta Dualgais/ Foirne ag an Doras Tosaigh gach atreorú lena líomhnaítear mí-úsáid agus cinneann sé/sí an bhfuil bunús leor ann chun réamhfhiosrú a bharántú agus cuireann an t-oibrí dualgais é seo chun críche

**2A**
**Toradh**

Níl aon imní ann faoi mhí-úsáid ann ach b'fhéidir go mbeadh imní faoi leas ann nó cúis gearáin agus fiosróidh an t-oibrí ag an leanbh, an t-oibrí naisc altrama agat féin agus/nó seirbhís gearán Tell Us an imní seo.

**3**
Leithroinntear an t-atreorú ansin chun Measúnaithe Thosaigh (IA), agus tionóltar cruinniú pleanála chun a chinneadh an gá leanbh a thógáil ar shiúl láithreach nó an gá bearta láithreacha sábháilteachta agus cén chaoi a gcuirfear é seo in iúl duit. Beidh an t-oibrí naisc altrama mar chuid den chruinniú seo.

Rachaidh an t-oibrí Foireann Dualgais/Doras Tosaigh i gcomhairle le CASP chun a chinneadh an mbeidh orthu fiosrú a dhéanamh chomh maith faoi ghnás CASP. Feic Alt 9 i ndáil leis an áit a bhfuil feidhm ag CASP.

Fógrófar do na Gardaí go bhfuil amhras mí-úsáide ann

**Ar Feadh an Phróisis**
Tionóltar sraith de chruinnithe pleanála proifisiúnta ag a gcinntear cén duine a bheidh i gceannas ar an measúnú; cén t-eolas a theastaíonn ón gcúramóir; cén duine agus cén chaoi a chuirfear in iúl duit é; cé na tacaíochtaí atá de dhíth ort; cén chaoi a gcuirfear in iúl é nuair a bheifear tar éis teacht ar thoradh; agus céard iad na chéad chéimeanna eile.

**4**

Bíonn oibrí sóisialta ó fhoireann CPW i gceannas ar an IA agus cíorfaidh sé go follasach na nithe seo leanas le gach duine atá bainteach leis an leanbh, an cúramóir altrama, na tuismitheoirí fola, an leanbh (más cuí) agus daoine proifisiúnta:

- Céard faoi a bhfuil imní orainn, ag áireamh air sin aon dochar roimhe seo, fachtóirí chun castachta agus ráitis faoi dainséar amach anseo.
- Céard tá ag feidhmiú go maith, ag áireamh air sin aon láidreachtaí nó sábháilteacht.
- Céard ba cheart tarlú i dtéarmaí céimeanna láithreacha eile mar aon le spriocanna fadtéarmacha sábháilteachta

Tá sé de cheart ag gach duine cóip a fháil den eolas thuas, agus iarrfar ar gach duine toiliú leis na Ráitis Dainséir agus leis na Spriocanna Sábháilteachta agus a mheas de réir scála an méid sábháilteachta a chreideann siad a bheith i láthair i gcúram an linbh faoi láthair.

**Toradh**
Ta imní leanúnach ann faoi mhí-úsáid agus bíonn tús le IA

**4A**

**Posibles resultados**

Tá mí-úsáid léirithe agus tá riosca ann i gcónaí den dochar suntasach, agus mar sin caithfear an leanbh a thógáil ar shiúl agus athbhreithniú breise a dhéanamh ar an gcúram altrama.
**nó**
Tá mí-úsáid léirithe agus tá riosca ann i gcónaí den dochar suntasach ach go gcreideann an Ghníomhaireacht gur féidir é a réiteach trí phleanáil don tsábháilteacht. A luaithe a bheidh an tsábháilteacht cinntithe freastalófar i gcónaí ar riachtanais an linbh tríd na gnáthphróisis pleanála don chúram.
**nó**
Tá an leas léirithe – is é sin, seachas an mhí-úsáid – agus is ceart freastal ar riachtanais an linbh tríd na gnáthphróisis pleanála don chúram.
**Agus más cuí**
Cinneann CASP an bhfuil bunús le líomhain in aghaidh duine is ábhar do líomhaintí den mhí-úsáid nó nach bhfuil.

Más gá measúnú ag CASP, críochnófar é seo go leithleach agus go neamhspleách de réir mar is áil le CASP.

11

# Cén ról a bheidh agam/cén t-eolas a gheobhaidh mé?

## Nuair a dhéantar líomhain, tá tú i dteideal na nithe seo a leanas:

- Tá tú i dteideal a fháil amach, a luaithe is indéanta agus i scríbhinn, cén cineál líomhna atá déanta i d'aghaidh. Is de bharr na bhfáthanna seo a leanas amháin nach ndéanfaí amhlaidh

  - Is féidir go gcuirfeadh sé leis an riosca féideartha do leanbh ar bith nó
  - Chuirfeadh sé isteach agus rachadh sé i gcion ar fhiosrú ar bith de chuid na nGardaí.

- Déarfar leat é más gá leanbh a thógáil ar shiúl mar go bhfuil riosca práinneach, tromchúiseacha aitheanta, ach seans nach rachfar i gcomhairle leat maidir leis an gcinneadh má bhaineann sé le leas práinneach an linbh ag an am sin.
- Is ceart go mbeifeá mar rannpháirtí gníomhach i measúnú leanúnach ar bith atá aitheanta ag an CPW, agus in aon phróiseas sábháilteachta ar bith a bheidh comhaontaithe. Ciallaíonn sé seo
  - Is ar an bhFoireann Dualgais/Doras Tosaigh sa cheantar, atá freagracht fhoriomlán as an leanbh, a fhaigheann agus a chriathraíonn an t-atreorú.

- Labhróidh an t-oibrí sóisialta leatsa agus le daoine eile faoin eolas atá leagtha amach i gCéim 4 thuas agus comhroinnfidh sé/sí an t-eolas a bheidh tiomsaithe againn maidir leis sin.

- Má bhíonn imní leanúnach ann faoi dhochar amach anseo, beidh tú gafa le ráitis dainséir nó spriocanna sábháilteachta a chomhaontú, agus leis an líonra agus na cruinnithe a bhíonn ina dtaca le haon phlean comhaontaithe sábháilteachta a fhorbairt agus a mhonatóiriú.

Cé nach mbeidh tú ag freastal ar na cruinnithe proifisiúnta pleanála dá dtagraítear sa phróiseas thuas, beidh an t-oibrí naisc altrama i láthair agus beidh sé/sí mar lárphointe teagmhála i gcomhair eolais faoi chinneadh ar bith a éireoidh as na cruinnithe sin.

- Ar mheasúnú CPW bheith tugtha chun críche cuirfear in iúl duit an toradh agus na chéad chéimeanna eile de réir mar atá leagtha amach i 4A in Alt 10

**An ndéarfar liom cad tá líomhnaithe?**

Tharlódh go ndéarfaí leat go bhfuil líomhain déanta ach nach gcomhroinnfí na sonraí go léir leat láithreach bonn.  Féadann sé seo bheith an-chrua ar chúramóirí altrama mar beidh fhios acu go bhfuil líomhain déanta fúthu gan fhios a bheith acú cé rinne é. Is ar mhaithe le riachtanais linbh a mhachnamh go hiomlán a dhéantar é seo agus chun go mbeifear in ann aon mheasúnú a dhéanamh gan dul i gcion ar aon fhiosrú de chuid na nGardaí.

- Ag céim ar bith den mheasúnú, tá seans ann go mbainfí an tuairim as eolas a bheadh faighte gur gá an leanbh a thógáil ar shiúl chun sábháilteacht an linbh a chinntiú. Cuirfear an méid seo in iúl duit ach seans nach rachfar i gcomhairle leat faoin gcinneadh seo má bhaineann sé le leas an linbh ag an am sin.

- Má bhíonn measúnú CASP ag teastáil, cuirfear gach eolas faoin líomhain ar fáil duit agus faoin bpróiseas measúnaithe de réir gnásanna CASP i.e. nuair a bheidh Céim 2 den mheasúnú tionscanta. Ar mheasúnú CASP bheith tagtha chun deiridh cuirfear an toradh in iúl duit mar atá leagtha amach in Alt 12 thíos.

- Má dhéantar fógra/atreorú chuig na Gardaí cuirfear an méid sin in iúl duit.

- Má theastaíonn athbhreithniú breise ar chúram altrama gheobhaidh tú cóip den tuairisc a bheidh arna hullmhú don athbhreithniú sin agus beidh tú i dteideal chomh maith d’uiríoll féin a dhéanamh chuig an FCC sula ndéanfaidh siad a gcinneadh maidir le do stádas mar chúramóir altrama faofa.



12

# Cad is brí leis an toradh nó cé na himpleachtaí a bheidh aige do ról an chúramóra nó an tuismitheora altrama?

I measúnú CPW ciallaíonn toradh go bhfuil dochar déanta agus go bhfuil riosca leanúnach de dhochar suntasach ann:

1. Tiocfaidh deireadh le socrúchán an linbh.
2. Ciallaíonn sé chomh maith gur féidir go mbeidh gá le measúnú ar riachtanais sábháilteachta leanaí eile i do theaghlach, do chlann féin san áireamh
3. Ullmhóidh an t-oibrí naisc altrama tuairisc i gcomhair athbhreithnithe bhreise ar chúram altrama, agus tionólfaidh an Coiste Cúraim Altrama an t-athbhreithniú seo chun a mhachnamh an mbeidh faomhadh agat mar chúramóir altrama feasta.

Más é an toradh gur tharla dochar agus go bhfuil riosca leanúnach den dochar ann, sa chás sin:

1. Tacóidh an Ghníomhaireacht le próiseas pleanála sábháilteachta, teoranta de réir ama, a ligfidh duitse agus do do líonra tacaíochta léiriú don Ghníomhaireacht an chaoi a gcoinneoidh tú an leanbh slán ó dhainséar ar bith sna todhchaí agus céard eile a theastaíonn uait chun gur féidir leat a chinntiú go mbeidh tú in ann soláthar a dhéanamh do chúram an linbh amach anseo.

2. I dtosca dá leithéid, tharlódh go gcinnfeadh an leanbh, an tuismitheoir nó thú féin gur cheart deireadh a chur leis an socrúchán. Tacóidh an Ghníomhaireacht leat maidir leis an gcinneadh sin, agus beidh maoirseacht leanúnach ina cabhair duit má leanann tú ar aghaidh mar chúramóir altrama.

3. Comhroinnfear toradh an mheasúnaithe leis an FCC. Beidh sé ina chuid den athbhreithniú sceidealta ar an gcúram altrama agat, mar aon le heolas bainteach eile agus nuashonrú dul chun cinn ar an bpróiseas pleanála sábháilteachta.

- **Más é an toradh imní maidir le leas**

1. Is ceart freastal ar riachtanais an linbh tríd a ngnáthphróiseas pleanála cúraim
2. Beidh maoirseacht leanúnach ina cabhair duit agus tú ag leanúint ar aghaidh mar chúramóir altrama agus ina cabhair le haon riachtanais a thiocfaidh as an measúnú.
3. Sonrófar gach toradh a bhaineann le leas sa chéad athbhreithniú sceidealta ar an gcúram altrama agat.

**Má bhíonn measúnú CASP ag teastáil mar gheall ar an ngá le linbh eile a chumhdach a mbeadh an líonra cúraim altrama i dteagmháil leo trí fhostaíocht nó obair dheonach agus má bhíonn an toradh go bhfuil**

**1.Bunús leis**

- Is ródhócha go mbeidh deireadh le socrúchán an linbh, mura bhfuil sé seo cinnte cheana ag measúnú CPW.
- Mura bhfuil a leithéid déanta cheana, ciallaíonn sé seo chomh maith go mb'fhéidir go mbeadh gá le measúnú ar riachtanais sábháilteachta leanaí eile sa teaghlach agat, do chlann féin san áireamh
- Cuirfear an FCC ar an eolas maidir leis an toradh, agus ullmhóidh an t-oibrí naisc altrama tuairisc i gcomhair athbhreithnithe bhreise ar an gcúram altrama. Tionólfaidh an FCC an t-athbhreithniú seo chun a mhachnamh an mbeidh faomhadh agat mar chúramóir altrama feasta.

## 2. Gan Bhunús leis

- Cuirfear an FCC ar an eolas maidir leis an toradh agus áireofar an t-eolas seo san athbhreithniú sceidealta cúraim altrama agat mar aon le heolas bainteach eile.

- Beidh maoirseacht leanúnach ina cabhair duit leanúint mar chúramóir altrama agus ina cabhair duit maidir le haon riachtanais a thiocfaidh as an measúnú.

**An rachaidh líomhain i gcion ar róil eile seachas altramú?**

Nuair a bhíonn Tusla ag cur measúnaithe i gcrích ar líomhaintí a bhaineann le mí-úsáid arna ndéanamh ag leanbh altrama, bíonn dualgas dlíthiúil air leas leanaí ar bith eile sa teaghlach a mhachnamh – clann an chúramóra altrama féin san áireamh. Áirítear air seo leanaí fola nó leanaí uchtaithe. Má mheastar go bhfuil clann an chúramóra altrama i mbaol bheidís faoi réir ag na gnásanna cumhdaithe céanna le leanbh ar bith eile sa phobal.  Sna tosca seo, comhairlítear do chúramóirí altrama comhairle neamhspleách dlí a lorg.

## An dtógfar an leanbh ar shiúl as mo chúram?

Moltar sa treoir don dea-chleachtas nach cóir leanaí altrama a thógáil ar shiúl go huathfheidhmeach. Más rud é, áfach, go bhfuil líomhain thromchúiseach déanta agus go bhfuil cúis le himní mhór láithreach is dealraitheach ansin go dtógfar ar shiúl an leanbh altrama agus aon leanaí altrama sa teaghlach fad is atá an measúnú ar siúl. I dtosca áirithe, féadfar a mholadh go bhfágfadh an duine is ábhar don líomhain an teaghlach. B'fhéidir gurbh é seo an bealach céadrogha ar aghaidh chun cobhsaíocht a chaomhnú do gach duine eile sa teaghlach. Beidh na cinntí seo ina gcuid den bheart práinneach sábháilteachta a chaithfear a chur ar bun agus beidh tú féin páirteach sa chinntí seo. Más é toradh measúnaithe ar bith go bhfuil an leanbh i gcónaí i mbaol an dochair shuntasaigh tógfar é nó í ar shiúl as do chúram.

## An dtógfar mo chlann féin ar shiúl as mo chúram?

Nuair a bhíonn Tusla ag cur measúnaithe i gcrích ar líomhaintí a bhaineann le mí-úsáid arna ndéanamh ag leanbh altrama, bíonn dualgas dlíthiúil air leas leanaí ar bith eile sa teaghlach a mhachnamh – clann an chúramóra altrama féin san áireamh. Áirítear air seo leanaí fola nó leanaí uchtaithe. Má mheastar go bhfuil clann an chúramóra altrama i mbaol bheidís faoi réir ag na gnásanna cumhdaithe céanna le leanbh ar bith eile sa phobal. Sna tosca seo, comhairlítear do chúramóirí altrama comhairle neamhspleách dlí a lorg.



# 13 Céard é ról na nGardaí?

## Tá sé d'oibleagáid ar an nGníomhaireacht gach líomhain den mhí-úsáid a thuairisciú chuig na Gardaí de réir Leanaí ar dTús 2015 agus an Chomhphrótacail Oibre leis An nGarda Síochána[6]

Is é aidhm bhunúsach na ngnásanna cumhdaithe ná a chinntiú go mbíonn an leanbh slán agus go mbíonn leas an linbh cosanta. Tionólann an Fhoireann Dualgais/Doras Tosaigh cruinniú/plé straitéise tosaigh leis na Gardaí, agus cinnfidh siadsan an gá iniúchadh de chuid an Gharda. Go hiondúil, ní bheidh fonn ar na Gardaí bheith gafa leis ach sa chás go bhfuil an dealramh ann go ndearnadh cion coiriúil nó gur dócha go ndearnadh cion coiriúil.

Ní thagann agallamh foirmiúil leis na Gardaí de bharr gach líomhna, agus go deimhin ní théann gach agallamh go huathfheidhmeach thar chéim an agallaimh tosaigh.

Má chinneann na Gardaí, áfach, dul ar aghaidh le hagallamh, beidh an t-eolas seo a leanas ina chabhair chun a mhíniú duit an bealach a d'fhéadfaidís caitheamh leat (chun na fíricí maidir le líomhain a chruthú) agus an dteastaíonn beart nó idirghabháil ar bith eile.

Tá difríocht idir agallamh leis na Gardaí i gcomhair bailithe fianaise – is é sin, níl rabhadh tugtha – agus agallamh agus rabhadh tugtha, áit a bhfuil an cúramóir altrama á chur faoi agallamh mar amhrastach in iniúchadh coiriúil.

6 https://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/

Tá gach fógra a dhéantar chuig na Gardaí, iad siúd nach dtéann ar aghaidh chuig ciontú san áireamh, ar Chóras Eolais an Gharda (Pulse) agus is féidir é a nótáil faoi aon iarraidh seiceála.

Féadann roinnt cúramóirí altrama roghnú comhairle dlí a lorg ón tús, agus is den tábhacht é go bhfuil tú deimhin de go bhfuil do chearta dlíthiúla cosanta.  Ní ceart a chreideamh gur comhartha é go bhfuil tú ciontach nó go bhfuil rud éigin le folú agat má iarrann tú ionadaí dlíthiúil chun comhairle agus cabhair a thabhairt duit. Ní hé sin an chaoi a bhreathnaíonn na Gardaí nó na cúirteanna ar ról an aturnae nó an ionadaí dhlíthiúil, nó ar bhunchúis an duine a roghnaíonn a cheart a leithéid bheith acu a chur i bhfeidhm; tá aturnaetha ina gcuid thábhachtach den phróiseas. Comhairlíonn IFCA go láidir do cheart a chur i bhfeidhm ionadaí dlíthiúil a bheith agat. Féadann tú é seo a dhéanamh go neamhspleách nó féadann tú tacaíocht a lorg tríd an IFCA. Má dhéanann tú teagmháil leis an IFCA is féidir tacaíocht chomhthreomhar a fháil ó sheirbhís tathanta IFCA agus ón tseirbhís dhlíthiúil mar gur féidir go mbraithfeá riachtanas i gcónaí chun tionchar mothúchánach a bhfuil tú ag dul faoi a phlé.



# 14 Céard é ról an Choiste Cúraim Altrama?

## Leagtar amach ról an Choiste Cúraim Altrama (FCC) in Alt 23 de na Caighdeáin Cúraim Altrama.

Tabharfar fógra i gcónaí don FCC más rud é gur tógadh leanbh ar bith ar shiúl ó do chúram mar gheall ar riosca práinneach, tromchúiseach nó cinneadh go raibh riosca leanúnach den dochar tromchúiseach ann tar éis measúnaithe. Ligeann sé seo don FCC cinneadh láithreach a dhéanamh maidir le hoiriúnacht aon socrúchán eile fad is atá measúnaithe ar siúl. Má thógtar leanbh ar bith ar shiúl beidh sé riachtanach athbhreithniú breise ar an gcúram altrama a thionól. Machnóidh an FCC toradh an athbhreithnithe sin agus an bhfuiltear chun athrú ar bith a dhéanamh ar do stádas mar chúramóir altrama.

Beidh tú gafa leis an bpróiseas athbhreithnithe agus páirteach ann chun a chinntiú go léireofar do dhearcadh ar an gcás.

Comhroinnfear toradh aon mheasúnaithe de chuid an CPW, aon mheasúnaithe de chuid CASP nó aon iniúchta de chuid an Gharda leis an FCC. Beidh an t-eolas seo ina chuid den ghnáth-athbhreithniú cúraim altrama a tharlaíonn faoi Chaighdeán 17.

Féadann an fhoireann altrama nó an FCC a chinneadh nó a mholadh dlús a chur leis an athbhreithniú bunaithe ar thoradh na measúnaithe nó na n-iniúchtaí seo.

Breathnóidh an t-athbhreithniú ar chineál na líomhnaithe agus ar na ceachtanna gur féidir iad a fhoghlaim uaithi; mar shampla, an rachadh roinnt oiliúna nó tacaíochta breise chun tairbhe duit. Déanfaidh an tuairisc moladh chomh maith maidir le do stádas altrama – is é sin, ar cheart an faomhadh a tugadh duit fanacht mar an gcéanna nó ar cheart go dtiocfadh athrú air. Mar an gcéanna le gach athbhreithniú, tabharfar cóip duit den tuairisc roimh chruinniú an FCC agus dóthain ama chun do thuairisc scríofa féin a chur ar fáil chuig an FCC más mian leat déanamh amhlaidh.

Féadann sé tarlú go molfadh foireann altrama deireadh a chur le faomhadh cúramóra altrama. Is é ról an FCC an cinneadh seo a dhéanamh. Tá gach cinneadh de chuid an FCC faoi réir ag achomharc de réir Threoirlínte Beartais agus Gnásanna an FCC agus tá sé de cheart agat an t-achomharc seo a iarraidh.

**An gcuirfear stad leis an liúntas altrama?**

Leanann an liúntas altrama an leanbh agus dá bhrí sin beidh deireadh leis má thógtar leanbh ar shiúl ó do chúram.

# 15 Féin-chúram is tús leis an gcúram sábháilte

## Má choinníonn tú tú féin agus do chlann sábháilte coinneofar leanaí a thagann chun cónaithe leat sábháilte chomh maith.

Ó thús d'eispéiris altrama, agus i gcaitheamh do thréimhse mar chúramóir altrama, is é an líonra tacaíochta thart timpeall ort is mó a bheidh ina chabhair duit chun eispéireas fíor-dhearfach a bhaint amach, agus a choimeádfaidh ag imeacht thú má thagann deacrachtaí chun cinn.  Go minic, is éard an toradh a bhíonn ar líomhaintí nár tharla mí-úsáid agus nach bhfuil ann ach go dteastaíonn tuilleadh tacaíochta agus cabhrach ón leanbh agus ón gcúramóir i láthair roinnt deacrachtaí a bheadh rompu, b'fhéidir. I dtosca dá leithéid is mian linn go mbraithfeadh an leanbh agus tú féin go bhfuil an chabhair ann agus sibh ag déileáil leis na deacrachtaí seo, agus is mian linn thú a choimeád mar chúramóir fíor-luachmhar do Thusla.

Cuimhnigh:

a. Má bhíonn tú in amhras faoi rud ar bith lorg cabhair agus comhairle go luath chun nach rachaidh cúrsaí chun donais.

b. Cuir líonra tacaíochta ar bun thart timpeall ort ina mbeidh daoine a bhfuil nasc nádúrtha acu leat agus leis an oibrí naisc altrama agus aon daoine proifisiúnta eile, de leithéid tacaíochta piaraí don altramas an IFCA nó comhairleoir, a mheasann tú go mbeidís ina gcabhair.

c. Bí ag athnuachan na hoiliúna a cuireadh ort i gcónaí, bí i dteagmháil le piaraí, agus le grúpaí tacaíochta.

d. Déan ceiliúradh ar an rath a bhíonn ort agus foghlaim ón rud a fheidhmíonn duitse agus don teaghlach agat nuair a bheidh tú ag soláthar cúram sábháilte do na leanaí atá ina gcónaí leat.



# Nótaí

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

tusla.ie